C/2025/321

13.1.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/321)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Madiran'

PDO-FR-A0687-AM03

Dáta na teachtaireachta: 21.10.2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

Limistéar geografach

I Roinn IV 'Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla' i gCaibidil I den tsonraíocht táirge, leasaíodh pointe 1 'Limistéar geografach' trí thagairt don Chód Geografach Oifigiúil a chur isteach, lena n-aithnítear agus lena mbunaítear liosta na mbardas de réir roinne ar an leibhéal náisiúnta.

Cuireadh an tagairt sin leis an doiciméad aonair faoin bpointe dar teideal 'Limistéar geografach críochaithe'.

I Roinn IV, dar teideal 'Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla', de Chaibidil I, leasaíodh pointe 2 dar teideal 'Limistéar dáileachta críochaithe' trí thagairt don chomhlacht a d'fhormheas an limistéar dáileachta a ainmníodh le haghaidh táirgthe a chur isteach. Ní dhéanann an fhoclaíocht nua sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

   Madiran

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

   ATFC - Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

   1. Fíon

3.1. *Cód le haghaidh na hAinmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is fíonta dearga tirime socra iad na fíonta seo a tháirgtear go príomha trí úsáid a bhaint as an gcineál Tannat N, a bhaineann le Cabernet Franc N, Cabernet Sauvignon N agus Fer N. Fágann na cleachtais fhíoneolaíocha a úsáidtear agus na hamanna fáis go mbíonn am ag na tainniní éirí bog, rud a fhágann gur féidir fíonta a fháil a bhfuil struchtúr dea-chothromaithe acu. Is é an toradh a bhíonn ar chumaisc na gcineálacha sin fíonta ar saintréithe dá gcuid iad dath dian, tainneach ar fíonta iad a choinníonn go maith agus a bhfuil próifíl chasta aramatach acu lena ngabhann blasanna torthaí dearga agus dubha, a fhorbraíonn i dtreo dea-bholaithe spíosraí agus torthaí criostalaithe.

Baineann na saintréithe seo a leanas leis na fíonta:

1. neart alcóil nádúrtha íosta 11,5 % de réir toirte;
2. neart alcóil iomlán uasta 14 % de réir toirte tar éis an tsaibhrithe;
3. cion aigéid mhalaigh ≤ 0,4 g/l;
4. méid siúcra choipthigh ≤ 3 g/L más é < 14 % an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte;
5. méid siúcra choipthigh ≤ 4 g/L más é > 14 % de réir toirte an neart alcóil nádúrtha íosta;
6. déine mhodhnaithe datha (OD 420 nm + OD 520 nm + OD 620 nm, arna tomhas le speictreafótaiméadracht) atá níos mó ná 12, nó atá comhionann le 12, ag deireadh na tréimhse aosaithe.

Comhlíonann na caighdeáin anailíseacha eile rialacha an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 14

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtais fhíoneolaíocha

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— tá sé sainordaitheachach an bhuaint a dhíghasú.

— tá toirmeasc ar fháisceáin leanúnacha a úsáid.

— ceadaítear teicnící dealaithe saibhrithe suas le huasráta tiúchana 10 %.

— tar éis an tsaibhrithe, ní bhíonn neart alcóil iomlán na bhfíonta de réir toirte níos mó ná 14 %.

De bhreis ar na forálacha thuas, ní mór go gcomhlíonann na cleachtais fhíoneolaíocha a bhaineann leis na fíonta seo na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí.

2. Dlús plandaithe

Modh saothraithe

Is é dlús íosta na bhfíniúnacha san fhíonghort 4 000 planda in aghaidh an heicteáir. Is é 2,50 méadar nó níos lú an spásáil idir na sraitheanna. Is é 0,8 méadar ar a laghad an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna.

Níl feidhm ag na ceanglais seo maidir le dáileachtaí fíonghoirt a phlandaítear ar léibhinn, ar dáileachtaí iad ina bhfuil an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna 0,80 méadar ar a laghad.

3. Prúnáil fíniúnacha

Modh saothraithe

Déantar sporphrúnáil ar na fíniúnacha (trí úsáid a bhaint as an gcóras 'Cordon de Royat') nó trí úsáid a bhaint as córas Guyot singil nó dúbailte, agus 15 bhachlóg ar a mhéad ann in aghaidh an phlanda.

Tá líon na gcraobhacha ar a bhfuil torthaí don bhliain in aghaidh an phlanda tar éis bláthaithe (céim fáis fheineolaíoch Lorenz 23) níos lú ná na méideanna seo a leanas nó cothrom leo:

— 10 i gcás chineál Tannat N;

— 12 i gcás na gcineálacha coimhdeacha.

4. Uisciú

Modh saothraithe

Féadfar uisciú a údarú.

5.2. *Uastáirgeacht*

1.

60 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Déantar na fíonchaora a bhuain agus déantar, forbraítear agus aosaítear na fíonta sa limistéar geografach ina gcuimsítear, ar dháta formheasa na sonraíochta seo ag an gcoiste náisiúnta inniúil, críoch na mbardas seo a leanas ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2023:

— Roinn Gers: Maumusson-Laguian, Riscle le haghaidh chríoch iar-bhardas Cannet, Viella;

— Roinn Hautes-Pyrénées: Castelnau-Rivière-Basse, Hagedet, Lascazères, Madiran, Saint-Lanne agus Soublecause;

— Roinn Pyrénées-Atlantiques: Arricau-Bordes, Arrosès, Aubous, Aurions-Idernes, Aydie, Bétracq, Burosse-Mendousse, Cadillon, Castetpugon, Castillon (cantún Lembeye), Conchez-de-Béarn, Corbère-Abères, Crouseilles, Diusse, Escurès, Gayon, Lasserre, Lembeye, Mascaraàs-Haron, Moncaup, Moncla, Monpezat, Mont-Disse, Portet, Saint-Jean-Poudge, Séméacq-Blachon, Tadousse-Ussau agus Vialer.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Cabernet Franc N

Cabernet Sauvignon N

Fer N - Fer Servadou, Braucol, Mansois, Pinenc

Tannat N

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc):**

Tá an limistéar geografach suite ó dheas agus siar ó Abhainn Adour, ar bhunchnoic theas na bPiréiní. Clúdaíonn sé cuid ina bhfuil cnoic agus tá 37 mbardas ann i dtrí roinn.

Tá aeráid ann atá measartha aonchineálach, cineálta agus measartha tais ar fud an limistéir ar fad. Ag deireadh an tsamhraidh agus san fhómhar, is minic a bhíonn gaoth the thirim aneas Foehn ann.

Is éard atá in iomairí na sléibhte Madiran comhdhéanta go bunúsach molás atá foirmithe go príomha ó mharlaí agus ó roinnt bruach aolchloiche. Sil-leagadh créanna gairbhéalacha ar bharr na sil-leagan moláis sin, agus ina dhiaidh sin sil-leagadh ciseal glárach púróg, atá le fáil sa lá atá inniu ann ar an suíomh is airde. Creimeadh na foirmíochtaí sin le linn thréimhse an Cheathartha, rud a d'fhág gur cruthaíodh na cúig iomaire atá scartha óna chéile ag gleannta neamhshiméadracha: Tagann an sil-leagan moláis chun cinn mar bhruacha cailcreacha anseo is ansiúd ar na fánaí géara a bhfuil a n-aghaidh siar. Tá na fánaí réidhe a bhfuil a n-aghaidh soir clúdaithe le sioltaí gaothshéidte a meascadh le sil-leagain fholuiteacha. Tá dhá phríomhchineál ann sna hithreacha gaolmhara: ithreacha cré-aolchloiche agus ithreacha láiste.

Taispeántar in ábhar cartlainne Phrióireacht Madiran go raibh fíonghoirt ann ar fud an limistéir gheografaigh seo go luath sa 13ú haois.

Cuireadh tús le trádáil le réigiún Bigorre agus leis na Piréiní trí Ghleann Adour chomh luath leis an 15ú haois.

Le hoscailt an mhargaidh shonraigh sin le haghaidh fíonta dearga tiubhaithe agus tainneacha a bhfuil acmhainneacht mhaithe choimeádta acu, treoraíodh fíonóirí maidir leis na teicnící a roghnaigh siad. Tá an cineál Tannat N tar éis teacht chun bheith ina chomhpháirt ríthábhachtach de na cumaisc a úsáidtear chun an táirge a fháil, rud is cúis le cáil chomh mór sin a thabhairt do Madiran.

Léiríonn taifid ón 16ú haois agus ón 17ú haois a bhfuil nótaireacht déanta orthu gur saothraíodh na fíniúnacha fíona dheirg trí úsáid a bhaint as teicníc treoraithe fíniúnacha a bhí cosúil leis an teicníc atá in úsáid sa lá atá inniu ann; an tráth sin, measadh gur ráthaíocht cháilíochta a bhí ann.

Le linn an 17ú haois, osclaíodh margadh nua le haghaidh fíonta dearga ó réigiún Madiran: díoladh iad lena seoladh chuig Aintillí na Fraince agus lena dtomhailt ansin.

Mar thoradh ar an dá mhargadh mhóra sin, na Piréiní agus na hAintillí, díríodh an táirgeadh ar fhíonta diandaite, tiubhaithe agus tainneacha a bhfuil acmhainneacht ard choimeádta acu.

San 18ú haois agus sa 19ú haois, díoladh na fíonta dearga faoin ainm 'Madiran', ar téarma é a úsáideadh den chéad uair in 1744, agus bhain siad cáil mhór amach.

Leathnaíodh fíonghoirt chun 5 000 ha a chumhdach faoi dheireadh an 18ú haois.

Tugadh aitheantas do Madiran AOC le foraithne in 1948.

Sa 20ú haois, tháinig laghdú mór ar limistéar na bhfíonghort. Ó thús na 1980idí, tá leathnú tagtha ar an limistéar faoi fhíonghoirt go mall ach go seasta chun an 1 300 ha atá ann faoi láthair a bhaint amach, agus an fíon á tháirgeadh ag siléir agus comharchumainn aonair de réir méideanna comhionanna a bheag nó a mhór.

Tá an cineál sin bríomhar, aibíonn sé go déanach agus bíonn sé leochaileach i leith múscán liath, ach cuireann dálaí aeráide an limistéir ar a chumas aibíocht a bhaint amach gan aon deacracht. Cruthaíonn fánaí na dtaobhanna cnoic dálaí topa-aeráide fabhracha, rud a fhágann gur féidir le farasbarr uisce báistí draenáil ar shiúl, agus, i gcás ina bhfuil aghaidh na bhfánaí dírithe go fabhrach, ina gcuirtear níos mó grianraithe agus teasa ar fáil, rud a chuidíonn le haibiú an fíona sa bhliain lena mbaineann. I réigiún inar chruthaigh an raon forleathan ithreacha agus moirfeolaíochta tírdhreach paiste, chruthaigh daoine fíonghoirt atá neamhleanúnach, de riachtanas, agus tús áite á thabhairt do na dáileachtaí talún sin is oiriúnaí chun na fíonchaora a thabhairt chun aibíochta i ndálaí sláintiúla. Sainítear dáileachtaí den chineál sin leis an limistéar táirgeachta dáileachta (ar fhánaí a bhfuil a n-aghaidh dírithe go fabhrach agus ina bhfuil ithreacha a mbíonn draenáil mhaith iontu de ghnáth agus a bhíonn clochach go minic).

Tá máistreacht theicniúil faighte ag na táirgeoirí ar bhainistíocht agus ar bharrfheabhsú acmhainneacht thainneach a bhfíniúnacha: is é is aidhm dóibh aibíocht fheanólach a bhaint amach ina bhfíonchaora agus an próiseas curtha i ndabhach a oiriúnú do cháilíocht agus do chainníocht na dtainniní. Déanann siad a bhfíonta a chumasc agus a aosú agus é mar aidhm acu a n-acmhainneacht choimeádta agus dea-bholaithe torthaíocha na bhfíonchaor a chaomhnú.

Tá cáil fhíonta Madiran — as a bheith struchtúrtha, tainneach agus láidir — fós ann sa lá atá inniu ann. Tá méadú agus leathnú mór tagtha ar a gcáil ó bhí tús an 20ú haois ann agus go háirithe ó na 1980idí, a bhuí le hiarrachtaí na bhfíonóirí, ar éirigh leo fíonta a tháirgeadh a bhfuil tainniní iontu de chineál atá níos boige agus níos galánta, cé go bhfuil siad chomh hinbhraite agus a bhí roimhe seo.

Mar gheall ar a struchtúr, tá acmhainneacht mhaith choimeádta ag na fíonta dearga tainneacha sin a bhfuil dath láidir orthu. De ghnáth, forbraíonn a bpróifíl aramatach, a mbíonn blasanna torthaí dearga agus dubha orthu go minic, i dtreo dea-bholaithe casta spíosraí agus torthaí criostalaithe. Maidir leis na tainniní, arb iad is mó a bhíonn ann de ghnáth, éiríonn siad níos boige tar éis iad a aosú rud is cúis le fíonta a bhfuil struchtúr cothromaithe acu.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Aonad geografach níos lú nó níos mó

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfaidh ainm aonaid gheografaigh níos lú a bheith le feiceáil ar lipéid fíonta a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh cláraithe, ar choinníoll:

— gur ainm áite é atá liostaithe i gclárlann na talún;

— go mbíonn an t-ainm le feiceáil ar an dearbhú buainte.

I gcás fíonta a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint acu, féadfar an t-aonad geografach níos leithne 'Sud-Ouest' a shonrú ar a lipéid.

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Is éard atá sa limistéar díreach in aice láimhe, arna shainiú ag an maolú maidir le táirgeadh, forbairt agus aosú na bhfíonta, críoch na mbardas seo a leanas de Roinn Gers: Labarthète, Riscle agus Saint-Mont.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-986187c9-c1e0-48f7-9d84-2641e63dea15